



## Socrú Spriocanna

**Cabhraíonn an próiseas socraithe spriocanna linn chun pleanáil agus díriú ar an rud atá muid ag iarraidh a dhéanamh, conas go díreach a dtabharfaidh muid faoi, agus tabharfaidh sé an spreagadh dúinn an sprioc a bhaint amach.**

Sa chéad cheacht inniu bhí carachtar cartúin le tarraingt le do lámha chlé agus dheas agus tú ag déanamh iarracht iad a bheith siad cosúil le chéile.

Conas ar éirigh leat? An raibh an sprioc a bhí agat an pictiúr céanna a tharraingt leis an lámh nach scríobhann tú leis réalaióch?

Seo an ceann a rinne an Múinteor Clíona –





# Do Spriocanna

**Chun do chuid spriocanna a oibriú amach agus conas a bhainfidh tú amach iad, déan iarracht na habairtí seo a chríochnú –**

An trí rud gur mhaith liom a fhoghlaim ná:

- 
- 
- 

Na rudaí go dteastaíonn cabhair liom leo chun na spriocanna a bhaint amach ná:

- 
- 
- 

Imní atá agam ná:

- 

Conas a fhoghlaiméoidh mé na trí rudaí atá mé ag iarraidh a fhoghlaim:

- 
- 
- 

Na rudaí a theastaíonn uaim chun na spriocanna atá agam a bhaint amach ná:

- 
- 
- 

Tá teimpléad simplí thíos gur féidir a chóipeáil/priontáil agus líon amach é nuair atá do chuid spriocanna ar eolas agat.

# Pleanálaí Spriocanna

**Sprioc 1:** \_\_\_\_\_

**Conas ar féidir liom an sprioc seo a bhaint amach?** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Cé atá ábalta cabhrú liom chun an sprioc a bhaint amach?** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Sprioc 2:** \_\_\_\_\_

**Conas ar féidir liom an sprioc seo a bhaint amach?** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Cé atá ábalta cabhrú liom chun an sprioc a bhaint amach?** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Sprioc 3:** \_\_\_\_\_

**Conas ar féidir liom an sprioc seo a bhaint amach?** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Cé atá ábalta cabhrú liom chun an sprioc a bhaint amach?** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_



## Clár Físe

Cé go bhfuil sé go maith do Phleánálaí Spriocanna a choinneáil in áit gur féidir leat é a fheiceáil i gcónaí, is bealach níos físiúla le do chuid spriocanna a thaispeáint ná trí Clár Físe a dhéanamh.



Aimsigh áit ar bhalla atá agat go speisialta do phictiúir do chuid spriocanna. Breathnaigh i roinnt irisí agus nuachtáin go bhfeicfidh tú an bhfuil pictiúir ann a léiríonn na spriocanna atá agat agus gearr amach iad agus greamaigh suas iad. Más rud é gurb é an sprioc atá agat don chéad cúpla mí eile ná barróg a thabhairt dod' Mhamó, déan cinnte go bhfuil sí ar an gclár chomh maith! Más é an sprioc atá agat ná dul ar saoire croch suas pictiúr den trá nó d'eitleán, más ag freastal ar cheolchoirm é, croch pictiúr den amhránaí is fearr leat, más ag iarraidh an giotár a fhoghlam croch pictiúr de giotár! Agus gach uair a fhéachann tú ar do Chlár Físe gheobhaidh tú meabhrú ar na spriocanna atá agat agus ar na rudaí atá le déanamh agat chun iad a bhaint amach.



# Liosta Buicéid an Teaghlaigh

Anois agus greim agat ar na spriocanna atá agat, cé fáth nach n-oibríonn tú ar spriocanna do chlann mar ghrúpa, seachas spriocanna aonaracha.



Gníomhaíocht deas gur féidir a dhéanamh ná suí thart le chéile agus ba chóir do gach éinne an sprioc atá acu don chlann don bhliain seo chugainn a scríobh síos. M.sh Madra a fháil, níos mo aclaíochta a dhéanamh, rudaí a dhéanamh le chéile, dul ag súilóireacht.....aon rud! Déan cúpla ceann an duine.

Caith na píosaí páipéir isteach i mbuicéad (nó rud cosúil leis) agus déan sealáocht ar iad a léamh amach. Ansin is féidir libh iad a phlé agus a mheas an féidir libh na spriocanna a bhaint amach. Is féidir leat na spriocanna go léir a thógáil agus iad a scríobh ar phleanálaí spriocanna an teaghlaigh agus fág ar an gcuisneoir é. Cuir tic leis na rudaí éagsúla de réir mar a dhéanann sibh iad.